Thaitin buachaillí bó
go mór le Conor.
Bhí go leor eolais aige faoi
bhuachaillí bó ó leabhair
agus ón teilifís.



Bhí capall mór, láidir
ag gach buachaill bó.

Chaith siad téada
agus bhéic siad:
'*Yee haw*,' agus '*Giddy-up*.'

Chodail buachaillí bó
amuigh faoin spéir
agus chan siad amhráin
cois tine.

Ach an rud ba mhó
a thaitin le Conor
ná a gcuid éadaí.



Thaitin an hata mór leathan
a chaith siad go mór leis.

Thaitin an scairf bheag
a chaith siad
timpeall a muineál
go mór leis.

Nuair a bhí stoirm ghainimh ann
tharraing an buachaill bó
an scairf thar a bhéal
agus a shrón
chun an gaineamh
a choinneáil amach.



Chaith siad bristí géine
agus bástcótaí cúileáilte.

Agus chaith siad '*chaps*'
(bríst speisialta leathair)
thar na bríst géine.